



# Bileog Colais

# Bileog Colais

Gaelscoil Mhic Easmainn

T rá L í





**Gaelscoil Mhic Easmainn**  
**Bóthar Chillín,**  
**Trá Lí,**  
**Co. Chiarraí**

**Príomhoide:** Cáit Uí Chonchúir

**Teileafón:** 0667121394

**Faics:** 066 71 81563

**R-phost:** [gaelscoilmhiceasmainn@gmail.com](mailto:gaelscoilmhiceasmainn@gmail.com)

**Suíomh:** [www.gaelscoilmhiceasmainn.com](http://www.gaelscoilmhiceasmainn.com)

# *Fáilte*

Fáilte romhat go dtí Gaelscoil Mhic Easmainn, Bóthar Chillín, Trá Lí. Sa leabhrán seo geobhaidh tú eolas ar an scoil seo 'gainne móide cúpla nod duit ar conas cabhrú le do leanbh socrú síos sa 'scoil mhór'. Ag súil le aithne a chur ar do leanbh agus ort sa bhliain atá romhainn.

Welcome to Gaelscoil Mhic Easmainn. This booklet will give you a brief resume of the Gaelscoil Mhic Easmainn story as well as a few tips for the parents of New Beginners. Looking forward to getting to know your child and yourself during the coming years.

*Cait Uí Chonchúir*

*Príomhoide*

## Ár Stair

Is bunscoil náisiúnta tumoideachais lánghaeilge í Gaelscoil Mhic Easmainn a bhunaigh Craobh Thrá Lí de Chonradh na Gaeilge i 1978 chun oideachas lánghaeilge bunleibhéil a sholáthar do Thrá Lí agus don cheantar máguaird.

## Tumoideachas

Ciallíonn an tumoideachas córas ina múintear gach ábhar trí theanga shonraithe amháin. 'Sí an Ghaeilge teanga oibrithe na gaelscoile agus leanann na páistí an gnáth churaclam scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tríd an gcóras seo baineann na daltaí ardchumas amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

## Buntáistí an Oideachais Dátheangaigh.

Cuimsítear i measc na mbuntáistí atá aitheanta sa taighde idirnáisiúnta:-

### **Buntáistí an Churaclaim.**

1. Gnóthachtáil mhéadaithe curaclam.
2. Níos easca an tríú agus an ceathrú teanga a shealbhú.

### **Buntáistí Cumarsáide**

3. An Dátheangachas (cumas dhá theanga a labhairt go líofa).
4. Litearthacht i dhá theanga (léamh agus scríobh i dhá theanga)
5. Cumarsáid níos forleithne (teaghlach, pobal, cáirde, fostaíocht).

### **Buntáistí Cultúrtha**

6. Inchultúrú níos forleithne (ag foghlaim agus ag glacadh fút fein luachanna cultúir eile); ilchultúrachas níos doimhne; Caoinfhulaingt cultúir eile níos fearr.

### **Buntáistí Cognaíochta**

7. Buntáistí smaointeoireachta (cruthaitheacht, íogaireacht cumarsáide).

### **Buntáistí Carachtair**

8. Feinmhuinín níos airde.
9. Diongbháiltgeacht féiniúlachta.

### **Buntáistí Airgid**

10. Buntáistí eacnamaíochta agus fostaíochta.

*(Oiriúnaithe ag Gaelscoileanna Teo, ó Baker, 2003)*

## **Creideamh**

Ta Gaelscoil Mhic Easmainn faoi Phátrúntacht Easpag Caitliceach Chiarraí. Cuirtear oideachas reiligiúnda ar fail do na daltaí de réir theagaisc, nósanna agus traidisiúin, nósanna agus traidisiúin na hEaglaise Caitlicí agus oiltear na páistí sa Chreideamh Caitliceach. Ullmhaímid daltaí gach bliain le haghaidh Sacraimint na hAithrí, na Comaoineach Naofa agus an Cóineartaithe.

## An gcaitheann tú Gaeilge líofa a bheith agat chun do leanbh a chur ar Ghaelscoil?

Ní gá. Níl Gaeilge ag breis is 90% de thuismitheoirí atá bainteach le Gaelscoileanna.

An bhfuil ranganna ar fáil do thuismitheoirí gur mhaith leo Gaeilge a fhoghlaim? Tá. Cuirtear sonraí maidir le ionad agus am ar fáil i Meán Fómhair.

### Lá Scoile

<b>Am Scoile</b>	8.50 r.n. - 1.30 i.n. Naíonáin (Infants) 8.50r.n - 2.30i.n. (Rang 1 - 6)
<b>Sos na Maidine</b>	10.30 r.n. - 10.40 i.n.
<b>Lón</b>	12.15 r.n. - 12.45 i.n.

Ní ghlacann an scoil freagracht as sábháilteacht pháistí atá sa scoil roimh 8.50 r.n. nó tar éis 2.30 i.n.

### Múineadh agus Foghlaim

Tá sé mar aidhm againn an caighdeán is airde is féidir a bhaint amach i ngach ábhar agus féachaint chuige go bhfuil an dalta lárnach go huile is go hiomlán sa phróiséas seo. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi dhun chun cinn na ndaltaí ag an gcruinniú tuismitheoirí/múinteoirí a tharlaíonn uair sa bhliain agus san idirlinn más gá.

## **Pleanáil Scoile**

Is próiséas leanúnach é an phleanáil. Déantar athbhreithniú rialta ar na pleananna agus ar na polasaithe atá againn chun barr feabhais a bhaint amach. Tá fáilte roimh thuismitheoirí teacht isteach sa scoil agus na polasaithe/pleananna seo a léamh. Iarrtar orthu coinne a dhéanamh tríd an oifig.

## **Gníomhaíochtaí Sóisialta**

Glacann páistí na scoile páirt i roinnt mhaith feachtas bailithe airgid chun airgead a bhailiú le haghaidh eagrais charthannachta.

## **Caomhnú Páistí**

Éilítear ar gach bunscoil an clár 'Fan Slán' a fheidhmiú go hiomlán d'réir nósanna imeachta na Roinne Oideachais 2011 agus Children First 2011. Múineann gach múinteoir an clár 'Fan Slán' in oiriúint dá rang ghrúpa féin.

## **Sláinte**

Déan teagmháil leis an oifig agus leis an múinteoir ranga má tá riachtanais sláinte ar leith ag do pháiste.

## **Bia Folláin**

'Sé polasaí na scoile ná go mbeadh bia follán amháin sna boscaí lóin ó Luan go Déardaoin. Tá cosc iomlán ar mhilseáin, seacláid, criospaí, brioscaí agus líomanáid. Tá cead rud amháin milis ar an Aoine más mian leat.

## Sábháilteacht na bPáistí

Ar mhaithe le sábháilteacht níl cead ag aon pháiste siúl trí charrchlós na foirne. Mar sin, iarrtar ort do charr a pháirceáil taobh amuigh den gheata, stad an bhus a sheachaint agus do leanbh a threorú i dtreo gheata na gcoisithe.

Tráthnóna tar éis scoile tá sé tábhachtach go rachadh páistí díreach abhaile. Ba chóir do pháistí a théann abhaile ar an mbus fanacht ag an bpríomhgheata, i bhfad isteach ón mbóthar.

Tá sé tábhachtach labhairt le bhur bpáistí faoi rialacha an bhóthair agus go háirithe faoi thrasnán na gcoisithe atá taobh amuigh den scoil.

## Tinreamh

Iarrtar ort nóta a chur chuig an múinteoir má bhíonn do leanbh as láthair ar aon chúis nó má bhíonn sé/sí déanach ag teacht ar scoil. Ní mór dúinn na húdaráis a chur ar an eolas sa chás go mbímid buartha faoi thinreamh linbh, go háirithe má bhíonn 20 lá i gceist.

## Ceachtanna Snámha

Mar chuid d'ár bpolasaí corpoideachais déanann Rang a Trí ceachtanna snámha ar feadh téarma amháin. Tá Coiste Snámha againn a eagraíonn ceachtanna snámha d'éinne a bhfuil a leithéid uatha sa linn snámha áitiúil tar éis scoile ar an Luan gach téarma. Táimid fíorbhuíoch do na tuismitheoirí atá ar an gcoiste snámha seo.



## Uimhreacha teagmhála

Iarrtar ort uimhreacha teagmhála reatha a thabhairt don rúnaí san oifig agus iad a scríobh i ndialann obair bhaile na bpáistí chomh maith. Deintear teagmháil le tuismitheoirí trí "Textaparent" i gcásanna áirithe.

## Conas gearán a dhéanamh

Má tá tú buartha faoi aon rud a bhaineann le do pháiste ba cheart duit dul tríd an chóras seo.

Cuir glaoch ar an oifig chun coinne a dhéanamh chun bualadh leis an múinteoir ranga agus is gá duit an fáth a luaigh ag an bpointe seo. Ní ceart do thuismitheoirí cur isteach ar mhúinteoirí le linn am scoile.

Má tá níos mó plé iag teastáil is féidir glaoch a chur ar an oifig chun coinne a dhéanamh leis an bPríomhoide. Má tá níos mó plé ag teastáil is féidir litir a chur chuig an Cathaoirleach.

Is ceart duit fadhbanna/buairt faoi aon rud scoile a phlé leis an bhfoireann teagaisc agus an Príomhoide.

## Cás Práinneach

Sa chás go mbíonn páiste tinn agus go dteipeann ar fhoireann na scoile teacht ar an tuismitheoir/caomhnóir, is é polasaí an Bhoird Bainistíochta go ndéanfadh foireann teagaisc na scoile pé socrú a mhothaíonn siad a bheith riachtanach chun sláinte an pháiste a chosaint, (m.sh. é/í a thabhairt chuig dochtúir nó ospidéal)

## Dea-Iompar a chothú

Bronntar go seachtainiúil an gradam "Dalta na Seachtaine" ar an dalta is fearr i ngach rang. Tógtar

- labhairt na gaeilge
- béasa
- obair scoile/bhaile,
- éide scoile
- néatacht, srl. san áireamh.

## Halla Spóirt

Tá an t-ádh linn halla iontach a bheith againn sa scoil. Imrítear peil, iománaíocht, eitpheil, cispheil srl ann. Bíonn corpoideachas ag gach rang gach seachtain agus úsáidtear an stáitse go rialta le haghaidh imeachtaí éagsúla.

## Cultúr

Glacann an scoil páirt i gcomórtaisí, ócáidí srl. a thacaíonn leis an dteanga agus leis an gcultúr m. sh. An Fhéile Dhrámaíochta, Seachtain na Gaeilge, Feis Chiarraí, Coirm agus Corfhéile na Scoileanna.

Cuirtear Ceolchoirm na Nollag ar siúl i halla na scoile gach re bliain.

Táimid an-mhórálach as ceoltoirí, amhránaithe agus aisteoirí na scoile.

## Imeachtaí seach-churaclam

- Foireann Peile na gCailíní.
- Foireann Peile na mbuachaillí
- Foireann Iománaíochta
- Cispheil na gCailíní
- Cispheil na mBuachaillí
- Ceachtanna Snámha
- Comórtaistí Drámaíochta
- Cór
- Grúpa Ceoil
- Tráth na gCeist
- Feis na Gaeilge
- Comórtaistí Scéalaíochta
- Comórtaistí Amhránaíochta
- Ceol Aifrinn
- Turasanna Oideachais
- Céilithe Idirskoile srl.
- Ranganna Ghearmáinis
- Ranganna Ghaeilge bunúsacha do thuismitheoirí
- Clár an Fhiontraí Shóisearaigh (JEP)

# Éide Scoile ar fáil ó Seán Hussey, Dan Fitzgerald, & Shaws

## Cailíní

- Blús bhánbhuí
- Pilirín nó bríste donn
- Cairdeagan donn faoi mhúineál cruinn le stríoca bhánbhuí air agus stríoca eile ar an rosta.
- Stocaí nó riteoga donn nó bánbhuí
- Bróga donna/dubha
- **Culaith Reatha**
- T léine póló bhán
- Bróga reatha
- Geansaí le cochall ar fáil.

## **Buachaillí**

- Léine bhánbhuí.
- Bríste donn.
- Geansaí donn faoi mhúineál cruinn le stríoca bhánbhuí air agus stríoca eile ar an rosta.
- Bróga donna/dubha
- **Culaith Reatha**
- T léine póló bhán
- Bróga reatha
- Geansaí le cochall ar fáil.

## Comhairle na dTuismitheoirí

Tacaíonn Coiste na dTuismitheoirí le obair na scoile. Bíonn cruinnithe acu go rialta, de gnáth ceann in aghaidh na míosa. Bíonn an choiste ag tabhairt cabhair agus tacaíocht don scoil trí airgead a bhailiú, cabhair a thabhairt ag ócáidí scoile srl. Bíonn an cruinniú cinn bhliana de ghnáth ag tús na bliana agus is anseo go mbíonn toghchán don choiste nua.

Is slí an mhaith é seo chun a bheith páirteach i saol na scoile agus chun aithne a chur ar thuismitheoirí eile. Ní bheadh an scoil in ann leanúint ar aghaidh mar atá gan an tacaíocht airgeadais agus cabhair ón ngrúpa seo.

## Ag ullmhú do pháiste don Scoil

Ba chóir go mbeidh sé ar chumas do pháiste na nithe seo a leanas a dhéanamh sula dtagann siad ar scoil:

- An cóta a bhaint agus a chrochadh
- Dul go dtí an leithreas gan Mamaí nó Daidí a bheith ann.
- Na lámha a ghlanadh
- An lón a ithe leis/léi féin
- Réiteach le páistí eile
- An mála scoile/bosca lóin a aithint, a oscailt agus a dhúnadh.

Scríobh **ainm do pháiste** ar gach rud a bhaineann leo (geansaí/cóta/bosca lóin).

Cuir cláracha TG4 agus Raido na Gaeltachta ar siúl sa bhaile agus úsáid aon Ghaeilge atá agat. Socraigh am codlata do pháiste agus cloígh leis. Bíonn na naíonáin tuirseach! Tabhair deiseanna dod' pháiste 'gníomhaíochtaí scoile' a dhéanamh: ag súgradh, ag tarraingt, cluichí cainte, ag oscailt agus ag dúnadh an bosca lóin agus ag féachaint ar leabhair srl.

## An Chéad Lá

Is gnách do pháistí a bheith trína chéile ar an gcéad lá. Mar sin, tá fáilte roimh thuismitheoirí teacht isteach sa rang ar feadh cúpla nóiméad, ach ní féidir leis an múinteoir ranga tús a chur leis an bhfoghlaím fhad is atá tú sa seomra. Cuirfear glaoch ort muna bhfuil do pháiste ag socrú síos. Is fearr do pháiste a chur ina s(h)uí agus gníomhaíocht éigin a thabhairt dóibh le déanamh.

Nuair a thagann an t-am chun slán a rá, is fearr slán cinnte a rá agus imeacht ar an bpointe. Tá an-taithí ag na múinteoirí agus tuigeann siad conas páiste a chur ar a s(h)uaimhneas. Má tá tú trína chéile, le do thoi, ná lig do pháiste é sin a fheiceáil.

Iarraimíd ar thuismitheoirí am a thógáil an mhaidin sin agus teacht idir 8.50r.n. agus 9.20r.n. ionas go mbeidh seans ag an múinteoir ranga labhairt le gach páiste nuair a thagann siad. Cuir do pháiste in aithne lena ainm don múinteoir ranga ar an gcéad lá chun cabhrú linn aithne a chur orthu. Is féidir leis an gol leanúint ar aghaidh ar feadh cúpla seachtain ach diaidh ar ndiaidh, socraíonn gach páiste síos.

**“Ail an Éige is tíoctaidh sí”**

***Frásaí gur féidir leat a úsáid le do pháiste sa bhaile***  
***Irish phrases you can use with your child at home***

- Cá bhfuil do mhála scoile? Where is your school bag?
- Cá bhfuil do bhosca lóin? Where is your lunch box?
- An bhfuil d'obair bhaile agat? Do you have your homework?
- Brostaigh! Hurry
- Cuir ort do chríos. Put on your belt.
- Ar ghlán tú do fhiacla? Did you clean your teeth?
- Tar anseo. Come here.
- Ith do bhriceasta. Eat your breakfast.
- Conas gur éirigh leat inniu? How did you get on today?
- Aon scéal? Any news?
- Ar ith tú do lón? Did you eat your lunch?
- Cad atá ar an teilifís? What's on the television?
- Téigh a chodladh. Go asleep.
- Oíche mhaith. Good night.
- Maith an buachaill/ cailín. Good boy/girl.
- Ná habair sin. Don't say that.
- Labhair as Gaeilge. Speak Irish.
- Dún an doras. Close the door.
- Oscail an doras. Open the door.
- Croch suas do chóta. Hang up your coat.
- Múch an teilifís. Turn off the television

- BÍ go deas le do dheartháir/dheirfiúr. Be nice to your brother/sister
- BÍ ciúin. Be quiet
- Tá sé in am dul abhaile. It's time to go home.
- Dia duit. Hello
- Dia 's Muire duit. Hello (when replying)
- Lá breithe sona duit. Happy Birthday.
- Tóg go bog é. Take is easy.
- Tabhair aire. Take care.
- An maith leat? Do you like?
- Ar mhaith leat? Would you like?
- Ar mhiste lat? Do you mind?